



## Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Press Statement Preas Ráiteas

#### Daonáireamh 2006 – Imleabhar 6 – Tithíocht

##### Go leor tithe á dtógáil i bhFine Gall agus sa Mhí

Tógadh níos mó ná an cheathrú chuid de na háitribh phríobháideacha cónaithe i bhFine Gall agus i gCo na Mí idir na blianta 2001 agus 2006. I gCo Chorcaí a bhí an líon iomlán ab airde (23,134) de thithe nua tógtha sa thréimhse seo le Fine Gall ina dhiaidh (22,494).

Tá an t-eolas seo ar fáil sa thuairisc is déanaí ó Dhaonáireamh 2006 – Imleabhar 6 - Tithíocht, a thugann tuilleadh torthaí sonraithe maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc eolas maidir le tréithe tithíochta do na ranna tíre sonraithe sa tír (*féach nóta an Eagarthóra*).

Ag leibhéal iomlán Stáit tógadh timpeall 249,000 áitreabh príobháideach cónaithe, b'shin 17% de na háitribh phríobháideacha cónaithe, sa thréimhse 2001 go 2006. Is ionann seo agus meán bliantúil de bheagnach 50,000 áitreabh i gcomparáid le 31,000 sa thréimhse chúig bliana roimhe.

##### Níos mó daoine ina gcónaí in árasáin

Árasáin agus seomraí suí-leapa a bhí i 10% de na háitribh phríobháideacha cónaithe ar fad sa Stát sa bhliain 2006 i gcomparáid le 8.6% díreach 4 bliana roimhe. Cuireadh 148,623 árasáin nó seomraí suí-leapa san áireamh i nDaonáireamh 2006 b'shin ardú de 35% ó Dhaonáireamh 2002. Árasáin agus seomraí suí-leapa a bhí i 31% d'áitribh chónaithe i mBaile Átha Cliath agus bhí beagnach duine as gach ceathrar i mBaile Átha Cliath ina chónaí in árasán.

Tithe scoite fós an cineál tí is coitianta i gceantair tuaithe agus b'ionann iad agus 4 theach as gach cúig theach.

##### Ardú i gcónaí ar líon na n-áitreabh príobháideach ar cíos

Sa bhliain bhí 195,797 áitreabh cónaithe ar cíos go príobháideach nó ó eagraíocht deonach b'shin ardú de 38.4% ó 2002. B'ionann iad agus 13.4% de na háitribh ar fad. Bhí beagnach áitreabh amháin i ngach cúig chinn i mBaile Átha Cliath ar cíos go príobháideach. Ba i nGort i gCo na Gaillimhe a bhí an líon ab airde d'áitribh phríobháideacha ar cíos ag 25.6% de na háitribh chónaithe ar fad agus ar an taobh eile den scála ní raibh ach 2.8% de na háitribh chónaithe sa Chorrchoill i gCo Chill Dara ar cíos.

Idir beagnach €275 i nDún Laoghaire-Rath an Dúin agus níos lú ná €115 ar an meán i nDún na nGall agus i Liatroim a bhí le n-íoc mar chíos seachtainiúil do lóistín príobháideach le troscán nó le beagán troscán.

Tuilleadh /...

## **Ardú ar líon na n-áitreabh beag**

Don chuid is mó sa Stát ar fad bhí 5 sheomra nó níos mó\* fós i bhformhór na n-áitreabh chónaithe sa bhliain 2006 agus b'ionann iad agus 72% de na háitribh chónaithe ar fad. Ach, tá an t-ardú is mó ó Dhaonáireamh 2002 le feiceáil i líon na n-áitreabh beag, le 3 sheomra nó níos lú, ag 206,305, ardú de bheagnach 29% sa thréimhse cheithre bliana. B'ionann na háitribh bheaga seo agus beagán faoi 30% de na háitribh chónaithe ar fad i mBaile Átha Cliath, agus áitreabh amháin as gach cúig chinn i gCathair na Gaillimhe.

*San áireamh i líon na seomraí níl seomraí folctha, leithris, cistinéid, seomraí acraí, seomraí comhairle, oifigí, siopaí, hallaí, léibhinn agus seomraí nach féidir a úsáid ach le haghaidh stórála -ar nós cupard.*

## **Difríocht mhór i rochtain ar an gcóras leathan banda**

Bhí fáil ag teach amháin i ngach cúig chinn in Éirinn ar an idirlíon tríd an gcóras leathan banda sa bhliain 2006 ach bhí éagsúlacht mhór le feiceáil trasna an Stáit. Bhí na leibhéil ab airde rochtana ar fáil i nDún Laoghaire-Rath an Dúin ag beagán faoi 40% agus ba i gCo Liatroime a bhí na rátaí ab ísle ag 7.8%. Ní raibh rochtain ag níos mó ná 6 theach as gach deich dteach i gCo Luimní ar an idirlíon ar aon bhealach, an ráta rochtana ba lú sa Stát.

## **Tithe aonair**

Bhí níos mó ná an cheathrú chuid (27%) de na háitribh phríobháideacha ar fad sa bhliain 2006 ina dtithe aonair. Teach scoite é teach aonair atá suite i gceantar tuaithe le humar indibhidiúil séarachais nó le córas indibhidiúil eile séarachais. Idir na blianta 2001 agus 2006 tógadh 56,000 de na tithe aonair seo, b'ionann iad agus 23% de na háitribh chónaithe ar fad a tógadh sa thréimhse sin.

## **Áitribh gan aon duine ina gcónaí iontu**

Bhí 266,000 áitribh chónaithe sa bhliain 2006 nach raibh aon duine ina gcónaí iontu agus b'ionann iad agus 15% den stoc iomlán tithíochta. Díobh seo tithe a bhí i 175,000, árasáin a bhí i 42,000 agus tithe saoire a bhí i 50,000. Ba i gCo Liatroime a bhí an céatadán ab airde d'áitribh gan daoine ina gcónaí iontu (29%) agus bhí 12% d'áitribh i mBaile Átha Cliath folamh ag am an daonáirimh.

## **Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 1-6, 9 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá na figiúirí seo ag leibhéal geografach níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 6.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS ([www.cso.ie](http://www.cso.ie)). Tá táblaí ag leibhéal Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghrinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

## **Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

## **Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh (01) 895 1460/61/63/66

Facs: (01) 895 1399

Ríomh-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)